Eisean — A ṫaisci, rinne mé suas m'intinn, fanaċt sa ḃaile trátnóna inniu.

Ise—Ró-ṁall a Ċaṫail. Rinne mise suas m'aġaiḋ le dul amaċ anois!

Bí Réiḋ Leis

Ní raiḃ ann aċ é gur éiriġ le Bean Uí Néill an traen ḟáil, sul ar ṫarraing sé amaċ ón stáisiún. Nuair a ḃreaṫnaiġ sí ṫart, ṫáiniġ uaṫḃas uirṫi go raiḃ sí istiġ i gcarráiste do luċt ċaiṫeaṁ tobac. Ṫáiniġ fearg agus déistin uirṫi, nuair a ċonaic sí an fear in-aice léi, ag lasaḋ suas a ṗíopa. "A ḋuine," arsa sise in glór ġéar, reoite: "Déanann ċaiṫeaṁ tobac mé tinn i gcónaí." "An abrann tú sin liom, a ḃean ċóir?" arsa seisean go mall ciúin. Mar sin glac mo ċomairle-se agus bí réiḋ leis."!

Comairle Fonóideaċ

Paratrúper (ag léimniġ) — Caidé ḋéanfas mé muna n-osclann an parasút?

Sargent: Tabair arais leat é go dtí'n siopa agus taḃarfaiḋ siad ceann eile duit!

Fear-uasal: Feicim go ḃfuil siḃ ag cur suas foirgneaṁ úr anseo?

Fear-oibre—Is ea, táimid, a ḋuine-uasal. Sin an t-aon ċineál a ċuirimid suas ariaṁ!

Ceist

"A ḋoċtúir, ar éiriġ go maiṫ le m'obráid?"

"Cé hé an doċtúir? Mise, Naoṁ Peadar a ḋuine!"

An Loġ ar an Lag

Bí aisteoir cliúteaċ ag fáil a ḋinnéar ag tí-ósta lá aṁáin. Ar feaḋ tamall maiṫ ḃí an cailín a ḃí ag freastal air, á stánaḋ ⁊ sa deire arsa sise leis: "Sílim go n-aiṫnim tusa, ó áit éigin ar m'eolas?" Ṫáiniġ aoiḃ an ġáire air agus arsa seisean go faiteaċ léi: "B'éidir gur ins an cinema a ċonaic tú mé?" "Is dóċa," arsa sise go smaoiteaċ, "Cá suíonn tú de ġnáṫ?"

Freagra gan Coinne

Ise—Tá'n péire sa doras againn anseo dílis go maiṫ dá ċéile agus ċoṁ gráṁar. Pógann seisean í ċuile uair a ċastar ar a ċéile iad. Cé'n fáṫ naċ ndéanann tusa amlaiḋ?

Eisean—Níl aiṫne maiṫ go leor agam uirṫi go fóill!"

Má's Olc Maol is Measa Mullaċ

Bí an aturnae óg mí-ṡásta i gceart mar go dtug an Breiṫeaṁ breiṫ na ċoinne sa ċás seo. D'éiriġ sé na ṡeasaṁ agus dúirt go mí-ċríonna: "A Ḃreiṫeaṁ, tá iontas an doṁain orm fá do ḃreiṫ." Ṫáiniġ eagla ar an aturnae sinnsireaċ go gcuirfeaḋ a ċuid cainnte isteaċ ar an gcás, agus d'éiriġ sé féin na seasaṁ: "Caiṫfiḋ mé do ṗardún a iarraiḋ, a Ḃreiṫeaṁ, fá'n rud a dúirt mo ċoṁráide óg leat. Nuair a ṫiocfas sé go dtí m'aoise ní ḃéiḋ iontas ar biṫ ariaṁ air fá rud ar biṫ a ḋeireann tusa nó a ḋéanann tusa, a Ḃreiṫeaṁ!"

An Doċartaċ: Cuireaḋ le mo ṫeaġlaċ ar na mallaiḃ, ó ḃí mé ag caint leat ċeana.

An Dálaċ—Ní abrann tú! Tá iontas mo ṡáiṫ orm! Gasúr nó girseaċ?"

An Doċartaċ: Cliaṁain isteaċ!

Cuistiméir: An ḃfuil na huiḃeaċa sin úr—beirṫe inniu?

Siopadóir (le cléireaċ) — Ṁoṫuiġ na h-uiḃeaċa sin ṫall a Ṡéamais agus féaċ an ḃfuil siad fuar go leor fós le díol?!

Eisean — Ṫáiniġ mé ar an tsaol seo gan piġinn rua im ṗócaí.

Ise—Nuair a ṫáiniġ mise anseo, ní raiḃ pócaí féin agam!

Mian mo Ċroí

Cuireaḋ ceist ar ḟear uair aṁáin ar éiriġ leis mian a óige a ḟáil i rud ar biṫ ariaṁ. 'D'éiriġ liom rud aṁáin ḟáil cinnte," ar seisean. "Nuair a ċíoraḋ mo ṁáṫair mo ġruaig fada ba é mian mo ċroí gan ġruaig ar biṫ orm. Fuair mé sin!"

Scéal Fríd na Sgeacóirí

Eisean: A ṫáisci, mo ċroí, is cosúil go ḃfuilimid i gcónaí gann in airgid, agus oibrím féin ċoṁ cruaí sin aċan lá. Cad ċuige? Cé'n faṫ ċor ar biṫ?

Ise: Tá fios agamsa. Seo mar tá. Siad na coṁarsain is cionntaí leis. Bíonn siad de ṡíor ag déanaṁ rudaí agus ag fáil rudaí naċ aċmuin dúinne ċor ar biṫ!

Ag Snáṁ in Inis Ṁic A' Doirn

Am álainn a ḃí ag scoláirí Coláiste Cróna ar an picnic anseo.

Ceaṫrú Rua

Ní raiḃ ariaṁ oiread fámairí fá'n ċeantar seo agus ḃí i mbliana. Ḃí na tiṫe loistín go léir lán agus níos mó daoine ann ná mar a ḃféadfaí áit a ḟáil dóiḃ. Is miṫid roinnt tiṫe ósta lón Gaelaċ sa gCeaṫrú Rua, agus is mó duine ag cur ceist cé'n uair atá Gaeltarra Éireann ag dul i gcionn gnó ar seo mar a fógraíoḋ tamall maiṫ ó ṡoin. Ní ċuirfeaḋ seo isteaċ ar na tiṫe lóistín cor ar biṫ mar ní hé an saġas céanna daoine a ḃeaḋ ag teaċt ċuig na tiṫe ósta agus ḃeaḋ siad ina gcaḃair le tuilleaḋ daoine fós go dtí an áit.

Scoil Tuairín

Tá an scoil nua ag Tuairín críoċnaiṫe agus gan aṁras is breá an scoil í. Ċosain an scoil timpeall £30,000 agus is álainn an foirgneaṁ atá tógṫa in ionad an seanscoil a tógaḋ breis as céad bliain ó ṡoin. Sé Séamas Ó Tonra, B.A., A.T.D., príoṁoide na scoile. Muintir Farraċair, Tuaim, a ṫóg an scoil nua. Deinfear aṫ ċóiriú agus deisiú ar an tsean scoil mar séipéal don ċeantar mór timpeall.

Obair

Is mó duine a ḃí a rá anseo le linn an tsaṁraiḋ gur tubaist ceart é naċ ḃfuil obair le fáil don dream óg anseo leis na sluaite cuairteoirí ḃí scléip ⁊ spórt sa gceantar agus ní ḃeaḋ fonn imirce ar aoinne aċ obair a ḃeiṫ ar fáil anseo. Naċ mór an náire é naċ ḃfuil fós!

Scoil Coimsiṫe

Cé naċ fios fós cé ċaoi a ḃfuiltear ag deiġleáil leis tá sé na scéal anseo naċ fada go dtosnóiḋ an obair ar an scoil ṁór Coimsiṫe anseo. Freagraíoḋ ceist sa Dáil tamall ó ṡoin go mbeaḋ na scoltaċa seo ullaṁ le hoscailt um Meán Fómair, 1966. Níor ṁór tosnú gan ṁoill mar sin. Is scoil an ṁór a ḃeiḋ ann agus is cinte go mbeiḋ cuid ṁaiṫ oibre le fáil ann.

Ionsaí

Cánaḋ Mairtín Ó Finneartaí, Tuairín, £2 agus cuireaḋ fa ḃannaí é go cionn bliana de ṫairḃe ionsaí ar Seán Ó Flaṫarta. Fuirimis, Leitir Maoláin, ⁊ cánaḋ Tomás Ó Ceallaiġ, Tuairín £10 le bannaí go cionn dá bliain as ionsaí ar Ó Flaṫarta ag an Ċúirt Dúiċe i nDoire Niaḋ. An Ceannport Pádraig Ó Gallċoḃair a ḃí ag cúisiú agus dúirt sé gur stop an Sáirsint Liam Ó Collaráin Ó Ceallaiġ ar ċarraig a ligean anuas ar Ó Flaṫarta.

LÁ BREITHE AN tSEACHTAIN SEO

Lá breithe sona do:
Aoine 3ú: Máire Ní Cheanglaigh, Achadh Mór, Cara Droma Rúisc; Póilín Ní Leathlobhair, Baile 'n Bhrúnaigh, Dáithí O Dálaigh, 23, Br. Lalaigh, Inse Caoir. Satharn 4ú: Eilís Ní Bheirn, An Currach Rua, Roscomáin; Máire Ní Chaimbéil, Cairbre, Cill Dara. Luan 6ú: Máire Ní Ghallchobhair, Ceann Locha, Liathdrom. Ceadaoine 8ú: Carmel Ní Fhuarain, Druim Caolmór, Druim Seanbhoth. Diardaoin 9ú: Máire Ní Sheasnain, Clochar Loreto, Cabhan. Aoine 10ú: Colm O Grádaigh, 154 Sr. Thuaidh an Rí, Baile Atha Cliath; Labhras O Loinsigh, Tír Eallach, Mullach, Eibhlín Nic Cába, 98 Br. Neifin, Baile Atha Cliath. Satharn 11ú: Seán O Caomhanaigh, Dr. Charthalain. Domhnach 12ú: Caoimhin O hAgain, 81 Sr. Thuaidh, Lurga, Ard Mhaca; Antoin O Maoléide, Sr. na Mainistreach, Béal Atha 'n Fheadha; Brian O hArbhaí, Coláiste Phádraig, Cabhain.

Cinn Urraiḋ Roinn na Gaeltaċta in Árainn

(Ar lean. ó leaṫ. 1)

ḃeaḋ ina ais mór do na bádaí iascaireaċta.

Casan Coise

D'iarr an caṫaoirleaċ go laidir ar údaraisí na Roinne díċeall a ḋéanaṁ le cintiú go ndéanfaḋ an Coṁairle Contae casan coise agus ardán siúil ó'n léab gairḃ ar fud na trá suas go Teaċ na Scoile. Ḃí seo ar ceann de na tránna ba deise sa taoḃ tíre seo; ḃí na céadta cuairteoirí ag teaċt ċeana agus ṫiocfaḋ a deiċ n-oiread amaċ anseo. Ba ċeart fosta leiṫreas poiblí a ṫógáil fá'n ċéiḋ agus úirt Míċeál Ó Baoill. Ḃí an scéim pleanáilte agus ceadaiṫe le fada an lá agus ní raḃ fios ag bunaḋ Árann caidé ḃí á coinneáil siar. Ḃí siad ag éirí coṁ mífoiġdeaċ go raḃ daoine ag baint umail de agus ag braṫ a gcóras féin a ċur isteaċ. Má ḃí coṫrom ar biṫ le taḃairt de Árainn ba cóir go mbeaḋ an t-uisce ag teaċt as na píobáin roiṁ an saṁraḋ seo ċugainn. Ḃí seo fíor riaċtanas do tiṫe aíoċta agus do tiṫe loistin na Coláiste agus do muintir an oileáin uiliġ. Ċuidiġ Eoġan Bán Ó Doṁnaill le seo agus léiriġ sé an droċ ḋóiġ a ḃí ar luċt gnaiṫe an oileáin ag fanaċ ar an uisce.

Fáilte go hÁrainn

Peadar Ó Ceallaiġ. Uaċtarán Muintir na Gaeltaċta ag fáiltiú roiṁ an Rúnaí Pairliminte agus Rúnaí na Roinne ag Ailt a' Ċorrain.

crios sáḃála a ḃeiṫ ar fáil go buan ansin agus ag an trá. Ḃí na rudaí seo a gcur ar fáil in áiteaċa naċ raḃ leaṫ oiread feiḋm leo.

Bealaċ Céiḋ Aṫport

Ṁol Aoḋ Ó Gallċoḃair agus Pádraig Ó Doṁnaill (Ploċóg) gur ceart dluṫas a ċur leis an iarratas a ḃí déanta fá ċoinne bealaċ mór síos ċun na ceiḋeaḋ in Aṫport — ḃí cuid mór bádaí ag iascaireaċt amaċ uaiḋ agus ní ṫiocfaḋ leis na hiascairí a trucaill na n-eangaċa a taḃairt treasna an ġainniṁ.

Na Bealtaí

Labair coṁair a ḃeiṫ gaċ duine fá'n droċ ḋóiġ a ḃí ar na bealtaí, cuid acu ina mbealtaí áilne do turasóirí aċ naċ dtiocfaḋ le duine siúl orṫa ċan aṁáin gluaisteáin a ṫiomáint.

Córas Uisce

"Indiaiḋ an leictreaċais ba é an rud ba ṁó a raċaḋ ar soċar don oileán ná uisce poiblí," ad-

Ionad Cleiteala

Ṫóg Eiblín Bn. Ṁic Suiḃne ceist fá ionad a ḃeiṫ ag Gaeltara Éireann ar an oileán agus go raḃ neart bán a raċaḋ a ċleiteáil daofa aċ an tseans a ḟáil.

Rang Innill

Dúirt Seán Ó Gallċoḃair (Micí) gur cóir go mbeaḋ ranganna ar coṫaḃail bád agus inneall ar an oileán. Ḃí cuid mór bádaí inill in Árainn anois agus ní raḃ duine ar biṫ le freastal orṫa agus an t-eolas seo a ḃiṫ go géarr ar luċt na mbádaí. Ḃeaḋ freastal mór ar a leiṫid de rang.

Taréis an ċruinniṫe d'ḟáiltiġ Peadar Ó Ceallaiġ ṫar ċeann Coláiste Cróna agus AMÁRAĊ roiṁ corraḋ agus scór aionna in Óstán an Ġleanna, áit a raiḃ seal pléisiúra ag na cuairteoirí i gcuideaċta Muintir na Gaeltaċta agus foireann na Coláiste.

Doṁnall Mac Flanaċaiḋ ag déanaṁ óráid fáiltiṫe.